Treochlár Inbhuanaitheachta

i gcomhair Earnáil Craolacháin na hÉireann

Tionscnamh de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann

SAMHAIN 2020

BAI
ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Clár Ábhar

Réamhrá 5

Cúlra 11

Alt 1: Forbhreathnú ar an Treochlár 15

Alt 2: Conas an treochlár a úsáid 19

Alt 3: Colúin agus Réimsí Fócais 23

- Colún 1: Uaine 25
- Colún 2: Ionchuimsitheach 31
- Colún 3: Athléimneach 37
- Rialachas agus Tuairisciú 43

Alt 4: Rathúnas a Chur in Iúl 45

Aguisín: Spriocanna SFI NA 47

Fís

Is ceannaire inbhuanaitheachta í earnáil craolacháin na hÉireann agus úsáideann sí a guth comhchoiteann chun todhchaí níos glaise, níos ionchuimsithí, níos athléimní a chruthú do chách.

Réamhrá

Dia duit a chara!

Fáilte go dtí an doiciméad Treochláir seo, ina leagtar amach fís i gcomhair earnáil craolacháin inbhuanaithe in Éirinn agus ina dtairgtear plean nithiúil i dtaobh conas é sin a bhaint amach.

Tá sé beartaithe mar threoir do chraoltóirí aonair chun cabhrú leat ar do thuras inbhuanaitheachta agus don earnáil ina hiomláine chun cabhrú léi oibriú le chéile i dtreo comhspriocanna.

Tá naisc ar fud an doiciméid le faisnéis, inspioráid agus acmhainní ar líne chun cabhrú leat ar do shlí duit.

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait ar an treochlár nó ar an Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin, téigh i dteagmháil le hÚdarás Craolacháin na hÉireann ag info@bai.ie

Alt 1: Forbhreathnú ar an Treochlár

Sainmhínítear cad is treochlár ann agus tugtar léargas ar an treochlár inbhuanaitheachta don earnáil craolacháin.

Alt 2: Conas an Treochlár a úsáid

Mínítear conas an treochlár a úsáid mar threoir phraiticiúil i gcomhair gnímh.

Alt 3: Colúin agus Réimsí Fócais

Soláthraítear liostaí de na gníomhartha is féidir le craoltóirí a dhéanamh ar réimsí éagsúla an treochláir agus moltar méadrachtaí chun dul chun cinn a thomhas agus a rianú.

Alt 4: Rathúnas a Chur in Iúl

Leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé éachtaí a chur in iúl agus a cheiliúradh agus tugtar breac-chuntas ar an bhféidearthacht go ndéanfaí tuairisciú ar an inbhuanaitheacht ar fud na hearnála.

Teachtaireacht ón BAI

Tá an iliomad dúshlán le sárú ag an domhan sa 21ú hAois, idir an ghéarchéim aeráide leanúnach, dhíghrádú an chomhshaoil agus mhórán fadhbanna sóisialta agus eacnamaíocha. Níl Éire scoite amach ó na dúshláin sin agus tá gealltanas tugtha aici aghaidh a thabhairt orthu trí ghníomhú de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr trí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna) a ghlacadh in 2015.

Forbraíodh na SFInna mar fhreagra ar an ngéarchéim seo mar shlí chun go dtabharfaidh pobail dhomhanda aghaidh ar na fadhbanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil atá romhainn faoi láthair. Is sraith de 17 gcuspóir iad na SFInna ina dtugtar treoirphlean i gcomhair todhchaí níos inbhuanaithe faoi 2030. Tá rialtais, lena n-áirítear Éire, agus go leor eagraíochtaí ar fud an domhain ag úsáid na SFInna mar chreat chun a gcuid gníomhartha a threorú.

Tá BAI tiomanta do chuspóirí na SFInna a chur chun cinn agus léireoidh ár Ráiteas Straitéise 2021-2023 an tiomantas sin. Agus é sin á dhéanamh aige, leanfaidh BAI ag iniúchadh conas mar ab fhearr a d'fhéadfaimis tacú leis an tionscal Craolacháin chun go bhféadfaidís sin leis na haidhmeanna sin a chur i ngníomh. Tá deis ag an Earnáil Craolacháin ar ról uathúil a imirt i gcur i ngníomh agus i gcur chun cinn na SFInna laistigh dá n-eagraíochtaí aonair féin, ach ina theannta sin trína gcuid ábhar agus cláracha. Le tacaíocht ó BAI, bunaíodh an Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin chun Earnáil Craolacháin na hÉireann a spreagadh chun a gcuid acmhainní agus tallainne a ghiaráil chun na SFInna a chur chun cinn.

Forbraíodh an Treochlár seo ar dtús chun tacú le heagraíochtaí aonair sa tionscal Craolacháin a bplean inbhuanaitheachta féin a fhorbairt, agus ar an dara dul síos, cur chuige comhchoiteann a chruthú maidir le cur i ngníomh na SFInna.

Sa tréimhse anróiteach seo do gach saoránach, tá sé riachtanach go leanfaimid orainn ag déanamh ár ndíchill mar earnáil chun a chinntiú go bhfuil Éire ina ceannaire domhanda ó thaobh dul i ngleic leis an iliomad dúshlán sin. Táim muiníneach go bhfuil an tseiftiúlacht, an chruthaitheacht agus an diongbháilteacht san earnáil Craolacháin chun na haidhmeanna atá leagtha amach sa Treochlár a bhaint amach.

Michael O'Keeffe

POF, Údarás Craolacháin na hÉireann

An cás ar son athrú

Tá géarchéim chomhshaoil nach bhfacthas riamh cheana le sárú ag an saol. Tá foláireamh tugtha ag eolaithe ceannródaíocha nach mór dúinn, faoi dheireadh na ndeich mbliana seo, an t-athrú aeráide a réiteach nó go mbeidh iarmhairtí móra dochúlaithe do shaol an duine agus don phláinéad.

In éineacht leis an ngéarchéim chomhshaoil, tá géarchéim éagothroime a bhaineann le go leor saincheisteanna sóisialta éagsúla lena n-áirítear an inscne, an ciníochas, an chollaíocht, dáileadh an rachmais agus cearta an duine.

Tá na milliúin duine tar éis dul amach ar na sráideanna ag éileamh go nglacfadh rialtais agus an tsochaí gníomh práinneach chun domhan níos glaise agus níos cothroime a chruthú. Tá paindéim Covid-19 tar éis ár leochaileacht agus ár n-idirnascthacht a thabhairt chun solais agus chuir sé le tuilleadh éileamh chun an todhchaí a athshocrú agus **#buildbackbetter.**

Tugtar i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna) treochlár chun domhan níos fearr a chruthú faoi 2030. Is iad na 17 gcuspóir domhanda seo an liosta atá 'le déanamh' ag an domhan. Tá rialtais, gnóthais agus pobail á n-úsáid chun a gcuid oibre um fhorbairt inbhuanaithe a threorú agus a n-iarrachtaí a dhíriú ar ghníomhartha a mbeidh tionchar dearfach acu.

An Earnáil craolacháin agus na SFInna

Tá ról uathúil le himirt ag an earnáil craolacháin maidir le rannchuidiú a dhéanamh leis na SFInna agus todhchaí inbhuanaithe a mhúnlú. Trína n-ábhar agus a gcláracha, tá sé de chumhacht ag craoltóirí dearcadh agus iompraíocht an phobail a threorú agus tionchar a imirt orthu ar ollscála. Trí leas a bhaint as an gcumhacht seo, is féidir leis an earnáil a bheith ina fórsa maitheasa i gcaitheamh na ndeich mbliana seo romhainn a bheidh ríthábhachtach ó thaobh an athraithe comhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Cad is inbhuanaitheacht ann?

Tá an téarma inbhuanaitheacht anois ina dordfhocal agus úsáideann daoine difriúla é chun rudaí éagsúla a chur i gcéill.

De ghnáth, úsáidtear é mar chiorrúchán ar 'inbhuanaitheacht chomhshaoil'. Ach i ndáiríre, is coincheap i bhfad níos leithne í an inbhuanaitheacht. Is é an sainmhíniú is mó a nglactar leis go forleathan an sainmhíniú a tugadh i dTuarascáil Bruntland, 1987, ina ndeirtear:

"Is forbairt í an fhorbairt inbhuanaithe a fhreastalaíonn ar riachtanais na linne seo gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht freastal ar a riachtanais féin."

Is é atá i gceist leis seo go praiticiúil ná cúinsí sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha a chothromú le chéile lena chinntiú gur féidir le sochaí an duine forbairt agus maireachtáil san fhadtéarma.

Mar sin tá trí cholún ag an inbhuanaitheacht - sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíoch - dá ngairtear **pobal, pláinéad, agus proifid** uaireanta. Tá na trí rud sin fite fuaite ina chéile, agus sin é an taobh go dteastaíonn cur chuige iomlánaíoch chun an fhíor-inbhuanaitheacht a bheith ann, rud a chuimsíonn SFInna na Náisiún Aontaithe.



Cúlra

An Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin

Is líonra inbhuanaitheachta deonach ar fud na hearnála é an Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin do chraoltóirí Éireannacha agus ionadaithe a gcuid slabhraí soláthair.

Bhunaigh Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) é i ndeireadh 2019, tar éis dul i gcomhairle leis an earnáil. Cheap BAI sainchomhairleoirí neamhspleácha SustainabilityWorks mar chomhordaitheoir an Líonra, agus an sainchúram orthu an Líonra a bhunú agus a chomhordú.

Is iad aidhmeanna an Líonra:

- dea-chleachtas a chothú agus tacú leis an earnáil chun a feidhmíocht inbhuanaitheachta a fheabhsú;
- an earnáil a ghríosú chun a guth comhchoiteann a úsáid chun gníomhaíocht dhearfach a spreagadh ar fud na sochaí ar chlár oibre na SFI.

Tá sé i gceist ag an Líonra cur le hiarrachtaí craoltóirí aonair ó thaobh na hinbhuanaitheachta agus treochlár comhchoiteann a sholáthar i gcomhair gníomhaíocht san am atá le teacht. Tá súil ag BAI leis gur fóram é i gcomhair comhoibriú agus comhpháirtíochtaí.

An Treochlár Earnála a Chruthú

Rinne baill den Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin treochlár inbhuanaitheachta na hearnála craolacháin a chomhchruthú trí shraith de chruinnithe agus de cheardlanna, arna n-éascú ag comhordaitheoir an Líonra.

Tá sé beartaithe gur doiciméad beo é, a thiocfaidh chun cinn le himeacht aimsire de réir mar a aibeoidh cur chuige na hearnála i leith na hinbhuanaitheachta agus de réir mar a fhreagróidh sé d'athruithe ar an tírdhreach beartais / rialála agus de réir ionchais a páirtithe leasmhara.

Forbraíodh an Treochlár de réir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, treoir ón gComhairle Gnó Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe ar threochláir earnála, agus Chaighdeáin GRI maidir le tuairisciú Inbhuanaitheachta.

Bonn Eolais faoin Treochlár

1. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

Tugtar leis na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) agus na 169 sprioc atá suite fúthu comhthéacs uileghabhálach 'pictiúr mór' don Treochlár.

2. An Treochlár Earnála SFI ón WBCSD

Chuir an treoir seo ón gComhairle Gnó Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe an mhodheolaíocht ar fáil trínar sainaithníodh na SFInna agus spriocanna SFI is 'mó is ábhartha' (i.e. is mó is iomchuí).

3. Caighdeáin an Tionscnaimh um Thuairisciú Domhanda (GRI)

Is tacar treoirlínte iad Caighdeáin GRI a bhí a mbonn eolais faoi liosta na bpríomh-mhéadrachtaí a mholtar lena n-úsáid ag craoltóirí chun a dtionchair shóisialta, a dtionchair ar an gcomhshaol agus a dtionchair eacnamaíocha a thomhas agus tuairisciú a dhéanamh orthu.

Cad is treochlár ann?

"Is plean straitéiseach é treochlár lena n-aistrítear fís ina spriocanna agus ina gníomhaíochtaí inghníomhaithe.

Cuireann treochlár earnála SFI ar chumas cuideachtaí ceannródaíocha cur chuige comhchoiteann a chomhoibriú agus a chur in iúl i dtaobh conas is féidir lena dtionscal a chumas a uasmhéadú chun rannchuidiú le clár oibre ríthábhachtach SFI a bhaint amach... Cuideoidh sé sin ansin leis an Earnáil chun a scóip a neartú go comhpháirteach d'fhonn oibriú, rioscaí oibríochta agus rialála a bhainistiú, agus margaí fáis nua a oscailt.

Féadfaidh cuideachtaí aonair leis an treochlár a ghiaráil chun a gcur chuige straitéiseach féin a dhíriú ar na SFInna agus cinntí eolasacha a dhéanamh maidir leis an áit ar féidir leo an tionchar is mó a bheith acu."

An Chomhairle Gnó Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe, Treoir i leith Treochlár Earnála SFI

Alt 1

Forbhreathnú ar an Treochlár

Na SFInna is mó is iomchuí a roghnú

Cé go mbaineann an earnáil craolacháin le go leor de na 17 SFI, is é an treoir dhea-chleachtais ón WBCSD díriú isteach ar na SFInna is mó is iomchuí agus is tábhachtaí - na spriocanna ar féidir leis an earnáil an rannchuidiú is mó a dhéanamh ina leith.

Mar chuid de chomhchruthú threochlár na hearnála craolacháin, rinne baill den Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin measúnú ábharthachta. Is éard a bhí i gceist leis sin breithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus rialachais go léir ar a bhfuil tionchar acu, nó ag a bhfuil tionchar orthu, feadh an tslabhra luacha craolacháin. Bhreithnigh siad na réimsi ina raibh deis ag an earnáil ar bheith ag gníomhú go stuama i leith na saincheisteanna sin agus 'níos lú dochair a dhéanamh' agus ina theannta sin i gcás go raibh deis aici ar a tionchar a úsáid chun 'níos mó maitheasa a dhéanamh'.

Tríd an gcleachtadh sin, sainaithníodh 10 gcinn de SFInna tosaíochta (féach thall) mar na cinn is tábhachtaí don earnáil craolacháin. Is iad sin na SFInna a thugann an creat uileghabhálach don Treochlár inbhuanaitheachta earnála. Tá roinnt spriocanna atá bainteach leis na SFInna sin agus leagtar amach iad sin san Aguisín a ghabhann leis an Treochlár.

Na SFInna Tosaíochta

don Earnáil Craolacháin

Comhpháirteanna an Treochláir

Cuireann treochlár na hearnála craolacháin fís in iúl d'earnáil craolacháin inbhuanaithe in Éirinn faoi 2030.

Agus é frámaithe ag SFInna iomchuí tá trí 'cholún' ann a léiríonn trí ghné na hinbhuanaitheachta: an **comhshaol (glas), sóisialta (ionchuimsitheach)** agus **eacnamaíoch (athléimneach).**

Tá trí réimse fócais laistigh de gach colún. Tá sraith de bearta molta i ngach réimse fócais agus tacar príomh-mhéadrachtaí chun cabhrú le tionchar a thomhas agus a rianú. Faoi bhonn na dtrí cholún tá téama leathan a bhaineann le **dea-rialachas agus tuairisciú.**

Tá na colúin agus na réimsí fócais uile nasctha lena chéile. Le chéile tugann siad cur chuige iomlánaíoch chun a chumasú do chraoltóirí aonair agus don earnáil ina hiomláine cuidiú le todhchaí inbhuanaithe a mhúnlú d'oibrithe, do phobail áitiúla, agus do shochaí na hÉireann i gcoitinne.

Cuimhnigh: ní gá duit dul i ngleic leis na colúin go léir ag an am céanna. D'fhéadfá tosú le ceann amháin agus ansin bogadh ar aghaidh go dtí ceann eile. I ndeireadh na dála, áfach, d'fhonn a bheith fíor-inbhuanaithe, ní mór duit dul chun cinn a dhéanamh ar fud na dtrí cholún.

Fís

Is ceannaire inbhuanaitheachta í earnáil craolacháin na hÉireann agus úsáideann sí a guth comhchoiteann chun todhchaí níos glaise, níos ionchuimsithí, níos athléimní a chruthú do chách.

Glas

- Oibríochtaí Glasa
- Léiriú Glas
- Ábhar Glas

Ionchuimsitheach

- Áit Oibre Ionchuimsitheach
- Cláracha Ionchuimsitheacha
- Rochtain Ionchuimsitheach

Athléimneach

- Lucht Saothair Athléimneach
- Earnáil Athléimneach
- Pobail athléimneacha

- Rialachas agus tuairisciú

Alt 2

Conas an treochlár a úsáid

Aistear na hinbhuanaitheachta

Cuimsíonn earnáil craolacháin na hÉireann agus a slabhra soláthair raon de chineálacha agus de mhéideanna éagsúla eagraíochtaí, idir chraoltóirí seirbhíse poiblí náisiúnta, agus stáisiúin tráchtála teilifíse agus raidió, agus stáisiúin raidió pobail a bhíonn á rith ag saorálaithe.

I bhfianaise na héagsúlachta sin, beidh difríochtaí ann ó thaobh an dul chun cinn a bheidh déanta ag eagraíochtaí aonair maidir leis an inbhuanaitheacht de. Beidh cuid acu ag tús a n-aistir; beidh eagraíochtaí eile níos aibí. Tá sé mar aidhm ag an Treochlár tacú le gach eagraíocht, is cuma cén chéim atá bainte amach acu.

Chun a thaispeáint cad é an chuma atá ar an dul chun cinn dearfach i ngach réimse den Treochlár, forbraíodh cur chuige céimnithe, agus é bunaithe ar thrí 'leibhéal' aibíochta. Baineann an chéad leibhéal, Cruthú, leis na buneilimintí a chur ar bun. Baineann an dara ceann, Tógáil, le dea-chleachtais a leabú. Agus baineann an tríú ceann, Ceannródaiocht, le ceannaireacht a léiriú. Níl sna 'leibhéil' seo ach treoir chun tuiscint a thabhairt do bhaill an Líonra ar an gcéad rud eile atá le teacht, a luaithe a bheidh bearta áirithe curtha i ngníomh acu. D'fhéadfá a bheith ag an leibhéal Cruthú i roinnt réimsí agus ag Tógáil nó ag Ceannródaíocht i réimsí eile. Tá sé sin go breá! Is é an rud tábhachtach ná an áit a bhfuil tú inniu a mhapáil, plean gníomhaíochta a fhorbairt, agus tosú ar an obair.



Na bearta tosaigh ba cheart duit a dhéanamh chun bunsraitheanna dea-chleachtas inbhuanaitheachta a chruthú.



Gníomhartha a chabhróidh leat cur le do bhunsraitheanna agus an inbhuanaitheacht a leabú níos doimhne i d'eagraíocht.

Gníomhartha a léiríonn ceannaireacht inbhuanaitheachta dháiríre agus a chuireann d'eagraíocht ar bun mar cheannródaí.

Gníomh a Dhéanamh

D'fhonn dul chun cinn a spreagadh agus bogadh ó Cruthú, go dtí Tógáil, go dtí Ceannródaíocht, beidh plean gníomhaíochta soiléir ag teastáil uait. Sula dtosóidh tú, tá sé ríthábhachtach tiomantas a fháil ón lucht ardbhainistíochta. Ansin caithfidh tú mapáil a dhéanamh ar an áit a bhfuil tú, rannpháirtíocht a dhéanamh le do chomhghleacaithe, pleanáil agus cur i gcrích a dhéanamh!

Cé go leagtar amach sa treochlár earnála fís deich mbliana amach go dtí 2030, ba cheart go mairfeadh plean gníomhaíochta ar feadh tréimhse níos giorra – is slat tomhais mhaith iad trí bliana. Agus tú ag teacht i dtreo dheireadh bhliain a haon, déan athbhreithniú ar na gníomhartha atá agat i gcomhair bhliain a dó agus a trí agus déan an plean a nuashonrú dá réir. Ná déan dearmad an dul chun cinn atá déanta agat a chur i bhfios agus tú ag dul ar aghaidh.



Turas léiritheach do thosaitheoir ag féachaint ar an gcolún Glas

Ag seo thíos tá sampla de na céimeanna a bhféadfadh eagraíocht ag céim Cruthú gabháil tríothu chun a bplean gníomhaíochta don cholún Glas a fhorbairt.

Tiomantas

Faigh tiomantas ó do lucht bainistíochta chun clár agus beartas comhshaoil foirmiúil a bheith agat.

Mapáil

Scríobh síos gach ceann de na gníomhartha/ gníomhaíochtaí comhshaoil atá á ndéanamh agat cheana féin. Seiceáil do bhillí fuinnimh, uisce agus dramhaíola chun tomhas bunlíne a fháil ar an úsáid acmhainní agat.

Rann-pháirtíocht

Labhair le do chomhghleacaithe chun tuiscint a fháil ar a gcuid eolais agus spéise i 'saincheisteanna glasa'. Faigh cabhair ó na díograiseoirí agus cuir 'foireann ghlas' ar bun.

Pleanáil

Eagraigh ceardlann leis an bhfoireann ghlas chun plean gníomhaíochta glas a fhorbairt ina mbeidh cuspóirí, scálaí ama agus freagrachtaí agus acmhainní.

Cur i gCrích

Iarr ar an lucht bainistíochta an plean a shíniú. Téigh ar aghaidh le do ghníomhartha. Bíodh cruinnithe den fhoireann ghlas go rialta agat agus labhair amach i dtaobh do chuid éachtaí!

Alt 3

Colúin agus Réimsí Fócais

Dul i mbun gnímh

Tugtar san alt seo seo liostaí de ghníomhartha praiticiúla is féidir le craoltóirí a dhéanamh chun a dturas inbhuanaitheachta a thosú nó leanúint ar aghaidh leis.

Níl sé i gceist go mbeadh na liostaí seo - ceann do gach réimse fócais laistigh de na trí cholún - criochnaitheach. Níl iontu ach cuidiú chun go bhféadfaidh tú tús a dhéanamh agus tuiscint a thabhairt duit ar na cineálacha gníomhartha is féidir leat a dhéanamh, de réir pé acu atá tú ag céim Cruthú, Tógáil nó Ceannródaícht de do thuras.

Nuair a chuirfidh tú do phlean féin i ngníomh, is deimhneach go smaoineoidh tú ar ghníomhartha breise atá le déanamh. Beidh eolas agat leis i dtaobh rudaí atá á ndéanamh agat cheana féin nó atá beartaithe agat a dhéanamh. Déan deimhin iad sin leis a ghabháil. Ná déan dearmad labhairt le do chomhghleacaithe sa Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin a mbeidh taithí, eolas agus scéalta acu le roinnt i dtaobh na rudaí atá déanta acu ina n-eagraíocht. Cuirfidh an Líonra treoir ar fáil leis i gcomhair do phróisis pleanála.

Chomh maith leis na liostaí gníomhaíochta, tá tacar de phríomh-mhéadrachtaí ann do gach colún. Seo moltaí maidir leis na saghsanna PTFanna a d'fhéadfá a úsáid chun do dhul chun cinn a thomhas agus a rianú. De réir mar a deir an rá, *'ní féidir leat ach an méid a thomhaiseann tú a bhainistiú'!*

Glas

Tugann colún comhshaoil, nó 'glas' an treochlár treoir do chraoltóirí ar na bearta is féidir leo a dhéanamh chun a dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú. Spreagann sé iad leis chun a n-ábhar agus a gcláracha a úsáid chun iompraíochtaí príomhshrutha a dhéanamh d'iompraíochtaí inbhuanaithe.

De bharr na feasachta méadaithí ar phráinn na géarchéime aeráide tá saincheisteanna comhshaoil á mbrú suas ar an gclár oibre, agus tá an lucht féachana agus éisteachta go paiseanta faoi na saincheisteanna sin. Ba mhaith leo go gcuirfí ar an eolas iad faoin eolaíocht agus faoi na réitigh. Ba mhaith leo a fháil amach leis go bhfuil na brandaí agus na gnóthais a mbíonn siad ag idirghníomhú leo - lena n-áirítear na stáisiúin raidió agus teilifíse a bhféachann siad orthu agus a n-éisteann siad leo - ag déanamh a gcion féin.

I ndeireadh na dála, ní mór don earnáil craolacháin, dála go leor tionscal eile, a bheith 'neodrach ó thaobh fuinnimh' agus 'ciorclach'. Maidir le craoltóirí aonair, ciallóidh sé sin astaíochtaí carbóin a laghdú go suntasach ar fud a gcuid oibríochtaí agus a slabhra soláthair agus samhlacha gnó ciorclacha a ghlacadh a dhéanfaidh dramhaíl a scriosadh agus úsáid éifeachtach a bhaint as ábhair agus as acmhainní.

Sainmhínithe agus Comharthaíocht

Neodrach ó thaobh fuinnimh: cothromaíocht fhoriomlán a bhaint amach idir na hastaíochtaí carbóin a tháirgtear agus na hastaíochtaí carbóin a bhaintear as an atmaisféar. Dála folcadán a bhfuil na sconnaí ag rith ann, is féidir an chothromaíocht seo a bhaint amach trí na sconnaí a mhaolú nó a mhúchadh (i.e. d'astaíochtaí a laghdú nó a stopadh), nó trí mhéid comhionann a thaoscadh síos poll an stopalláin (i.e. astaíochtaí a bhaint trí stóráil charbóin nó trí sheach-chur carbóin fíoraithe a cheannach).

Ciorclach: tagraíonn sé seo don 'gheilleagar ciorclach' ina ndéantar ábhair agus acmhainní a athúsáid agus a athchúrsáil gan stad agus nach gcuirtear aon ní amú. Sa gheilleagar ciorclach, is dramhaíl ag duine é an t-amhábhar ag duine eile (m.sh. dramhaíl bhia a iompú ina fhuinneamh) agus déanann samhlacha nua gnó athshamhlú ar an gcaidreamh atá againn le 'stuif' (m.sh. tá níos lú againn agus faighimid níos mó ar cíos, idir éadaí, agus ghluaisteáin, agus troscán).

Plean oiriúnaithe don athrú aeráide: tá plean forbartha ag rialtas na hÉireann chun tacú leis an earnáil Cumarsáide, lena n-áirítear craoltóirí, chun oiriúnú a dhéanamh do na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide (e.g. cliseadh cumhachta le linn aimsir anróiteach).

Glas

Aidhm:

Ár dtionchair ar an gcomhshaol a íoslaghdú agus ár gclúdach agus ár gcláracha ar shaincheisteanna comhshaoil a mhéadú.

- **Oibríochtaí glasa:** an tionchar ar an gcomhshaol ag oibríochtaí díreacha agus slabhra soláthair craoltóirí a laghdú.
- **Léiriú Glas:** an tionchar ar an gcomhshaol atá ag táirgeadh teilifíse agus raidió a laghdú.
- **Ábhar Glas:** breis tuairiscithe agus fócais a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil agus athrú glas ar iompraíocht i measc an lucht féachana agus éisteachta a spreagadh.

Uspóir:

Oibríochtaí agus léiriú atá ciorclach, aeráid-díonach, le cláir a luathaíonn an t-aistriú sochaíoch go dtí stíleanna maireachtála inbhuanaithe.

Na SFInna Tosaíochta

don Earnáil Craolacháin

Oibríochtaí Glasa

An tionchar atá ar an gcomhshaol ag oibríochtaí díreacha agus slabhra soláthair craoltóirí a laghdú.



- Faigh tiomantas ón lucht bainistíochta bearta a dhéanamh chun 'dul glas'
- Scríobh agus comhroinn do bheartas comhshaoil
- Faigh bunlíne de na hacmhainní a úsáideann tú - seiceáil do bhillí fuinnimh, dramhaíola agus uisce
- Iompraíocht ghlas ar chostas íseal a bhunú san oifig (e.g. boscaí bruscair athchúrsála, priontáil / páipéar a laghdú, trealamh a mhúchadh chun fuinneamh a shábháil)
- Laghdaigh d'úsáid as plaistigh aonúsáide
- Feachtas feasachta a reáchtáil chun iompraíochtaí glasa a spreagadh i measc na foirne



- Curadh comhshaoil a ainmniú / a cheapadh chun tionscnaimh a chomhordú, agus Coiste Stiúrtha chun maoirseacht a dhéanamh orthu
- Beartas soláthair glas a fhorbairt agus soláthraithe glasa a roghnú (e.g. lónadóirí, glantóirí, fruiliú ionad, trealamh)
- Fuinneamh in-athnuaite 100% a cheannach
- Beartas taistil inbhuanaithe a fhorbairt
- Beartas 'plaistigh aon úsáide ar neamhní' a ghlacadh
- Tionscnaimh laghdaithe dramhaíola a bhunú (e.g. bia barrachais a thabhairt do chumainn charthanais)
- Spriocanna laghdaithe a leagan síos maidir le fuinneamh / carbón, uisce agus dramhaíl (de réir bunlíne)
- Oiliúint a sholáthar don fhoireann ar shaincheisteanna comhshaoil
- Úsáid teicneolaíocht chun cianobair a chumasú

- Tiomantas a thabhairt glanastaíochtaí neodracha ó thaobh carbóin a bhaint amach ó d'oibríochtaí faoi 2030
- Infheistiú in uasghrádú ar fhoirgnimh oifige, stiúideonna, cabhlaigh feithiclí srl. chun neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach
- Glac prionsabail an 'gheilleagair chiorclaigh' ionas go ndéanfar an dramhaíl go léir a laghdú, a athúsáid nó a athchúrsáil
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le soláthraithe chun astaíochtaí carbóin a laghdú agus ciorclaíocht a mhéadú
- Sonraigh critéir ghlasa i ngach tairiscint / conradh soláthróra

Faisnéis & Inspioráid

- ➔ Samplaí de bheartas comhshaoil: AIB, BBC, Havas
- ➔ Tacaíochtaí do ghnóthais bheaga ó SEAI
- ➔ Fondúireacht Ellen MacArthur ar an nGeilleagar Ciorclach

Léiriú Glas

An tionchar ar an gcomhshaol ag léiriúchán teilifíse agus raidió a laghdú.

Nóta: na treoracha agus na hacmhainní dá dtagraítear anseo tá siad go príomha i gcomhair léiriú teilifíse / scannáin. I láthair na huaire, ní heol dúinn a leithéidí céanna a bheith ar fáil don raidió ach tá go leor de na prionsabail ghinearálta mar an gcéanna



- A chinntiú go gcuireann baill lárnacha den fhoireann léiriúcháin eolas ar an treoir atá ann cheana maidir le léiriú glas (e.g. an Albert Production Handbook)
- Gníomhartha bua tapa ar chostas íseal a chur i ngníomh chun fuinneamh / carbón, uisce agus dramhaíl a laghdú (e.g. priontáil dhá thaobh, athchúrsáil ar seit, seiteanna agus prapaí a athúsáid)
- Feachtas feasachta don fhoireann léiriúcháin go léir chun iompraíocht ghlas a spreagadh



- Ceannaireacht a thaispeáint - Feidhmeannaigh, Stiúrthóirí agus Léiritheoirí mar ambasadóirí comhshaoil
- Úsáid áireamhán carbóin ar líne (e.g. Albert) chun tionchar tuartha do léiriúcháin a ríomh
- Bunaithe ar na torthaí, bearta a dhéanamh chun do thionchar a laghdú (e.g. foinsí fuinnimh inbhuanaithe, roghanna iompair inbhuanaithe don fhoireann aisteoirí agus don chriú, athchúrsáil / athúsáid, lónadóireacht inbhuanaithe)
- Roghnaigh soláthróirí agus trealamh 'glas' go gníomhach (mar chuid de Bheartas um Sholáthar Glas - féach Oibríochtaí Glasa)
- Oiliúint ar léiriúchán glas a sholáthar do phríomhbhaill foirne léiriúcháin

- Tiomantas a thabhairt do dheimhniú Albert a bhaint amach do gach léiriú teilifíse.
- Déan bearta forásacha chun do thionchair a laghdú (e.g. prionsabail 'geilleagar ciorclach' a ghlacadh chun léiriúcháin nialas dramhaíola a dhéanamh)
- Critéir ghlasa a shonrú i ngach conradh soláthróra, foirne aisteoirí agus criú
- Oiliúint ar léiriúchán glas a sholáthar don fhoireann go léir

Faisnéis agus Inspioráid

- ➔ An Tionscnamh Screen Greening Initiative
- ➔ Lámhleabhar Léiriúcháin Albert & Áireamhán Carbóin
- ➔ A Screen New Deal ag Albert, BFI agus Arup
- ➔ Green Production Guide ag Fís Éireann

Cláir Ghlasa

Tabhair tuairisciú agus fócas níos mó ar shaincheisteanna comhshaoil agus déan athrú glas ar iompraíocht a spreagadh i measc an lucht féachana agus éisteachta.



- A chinntiú go bhfuil an treoir atá ann cheana maidir le léiriú glas (e.g. Lámhleabhar Léiriúcháin Albert) léite ag Eagarthóirí Coimisiúnaithe, Léiritheoirí / Stiúrthóirí agus Scríbhneoirí Sinsearacha
- Cuardaigh deiseanna chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna comhshaoil agus scéalta comhshaoil a insint mar chuid de do chláir
- Tacú le feachtais náisiúnta comhshaoil agus cuidiú lena gcur chun cinn



- Tiomantas a thabhairt do shaincheisteanna comhshaoil a bheith mar théama rialta i do chláir / ábhar / tuairisciú nuachta
- Oiliúint ar an athrú aeráide agus eagarthóireacht chomhshaoil a sholáthar do scríbhneoirí, iriseoirí / láithreoirí / daoine cruthaitheacha sinsearacha
- Ábhar a choimisiúnú go gníomhach a leagann béim ar na dúshláin agus a thaispeánann réitigh ar an ngéarchéim aeráide
- A chinntiú go bhfuil suíomh táirgí chomh neamhdhíobhálach don chomhshaol agus is féidir agus aird a tharraingt go réamhghníomhach ar tháirgí agus iompraíochtaí dearfacha comhshaoil
- Cruthaigh do chuid feachtas féin ar na meáin shóisialta nó ar an aer / scáileán chun 'iompraíochtaí glasa' a chur chun cinn i measc do lucht féachana agus éisteachta
- Déan iarratas ar mhaoiniú i gcomhair 'téamaí domhanda' faoi chiste Fhuaim agus Fís BAI

- Cuir saincheisteanna comhshaoil mar théama tosaíochta i do chláir agus bí mar fhoinse faisnéise iontaofa don lucht féachana agus éisteachta. Déan cur chuige nua ceannródaíoch a leagan amach (e.g. nuashonrú aeráide laethúil ar an nuacht)
- Saoránaigh rannpháirteacha a spreagadh chun smaointe a chur amach agus a bheith bainteach le cláir chomhshaoil
- Oiliúint ar an athrú aeráide agus eagarthóireacht chomhshaoil a sholáthar do gach ball foirne coimisiúnaithe / cruthaithí
- Feachtais phoiblí a chur chun tosaigh ar shaincheisteanna comhshaoil chun feasacht a mhúscailt agus réitigh a chomhroinnt

Faisnéis agus Inspioráid

- ➔ Treoirlínte Albert um Shuíomh Pláinéid
- ➔ Feachtas Sky Ocean Rescue
- ➔ Seachtain Aeráide RTE i Samhain 2019

Tionchar a Thomhas

Seo thíos roinnt samplaí de PTFanna comhshaoil is féidir leat a úsáid chun do dhul chun cinn a thomhas agus a rianú.

Fuinneamh

- Cileavata in aghaidh na huaire a úsáideadh
- % ó fhuinneamh in-athnuaite

CO2e

- tonnaí a astaíodh
- % laghdú

Dramhaíl

- % a athchúrsáladh
- An méid a cuireadh i líonadh talún

Príomh SDGS agus Spriocanna

SDGs - 4, 11, 12, 13, 17
Targets – 4.3, 4.4, 4.7, 11.4, 11.6, 12.2, 12.3, 12.5, 12.6, 12.7, 12.8, 13.3, 17.16, 17.17

Taisteal/iompar

- An líon eitilití gnó

Léiriú

- % de na cláir a bhain úsáid as ríomh Albert
- % de na cláir a deimhníodh de réir Albert
- An líon gairmithe léiriúcháin ar cuireadh oiliúint orthu

Cláir

- An líon uaireanta i dtaobh cúrsaí comhshaoil
- An líon iriseoirí ar cuireadh oiliúint orthu

Ionchuimsitheach

Spreagann colún sóisialta, nó 'ionchuimsitheach' an treochláir craoltóirí láithreacha oibre a chruthú agus ábhar atá ionchuimsitheach a tháirgeadh. Spreagann sé iad leis chun cumhacht na gclár a úsáid chun solas a dhíriú ar éagóracha sóisialta agus domhan níos cothroime a chur chun cinn.

Feicimid éagothroime shóisialta timpeall orainn gach lá. Léiríonn sí í féin i go leor cineálacha éagsúla - idir dhaoine atá ag fulaingt bochtaineachta, ciníochais nó idirdhealú, agus daoine atá ag streachailt le heaspa rochtana ar oideachas, tithíocht nó cúram sláinte.

Tá sé de fhreagracht ar chraoltóirí, dála gach eagraíochta eile, caitheamh go cáiréiseach agus le hurraim lena bhfostaithe, a gconraitheoirí agus a soláthraithe agus iarrachtaí a dhéanamh deiseanna a mhéadú do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht. Tá deis acu leis ar leas a bhaint as cruthaitheacht, cumas agus éagsúlacht a lucht saothair chun rathúnas a spreagadh.

Mar fhoinse faisnéise iontaofa, is féidir le craoltóirí dúshlán a thabhairt faoi neamhionannais shóisialta agus guth a thabhairt do dhaoine. Tá sé de dhualgas orthu leis a chinntiú go bhfuil a n-ábhar sábháilte inrochtana.

Sainmhínithe agus comharthaíocht

Ionchuimsitheacht: deireadh a chur go gníomhach le bacainní ar rannpháirtíocht iomlán agus muintearas. I suíomh oibre, baineann sé seo le timpeallacht a chruthú ina mbraitheann daoine go bhfuil fiúntas acu agus go bhfuil siad in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach agus cur léi.

Éagsúlacht: baineann sé seo le difríochtaí, atá le feiceáil agus nach bhfuil le feiceáil. Tá in áiteanna oibre éagsúla fostaithe a bhfuil tréithe éagsúla acu lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh sin, creidimh reiligiúnacha agus polaitiúla, inscne, cine, eitneachas, cúlra socheacnamaíoch agus gnéaschlaonadh.

Grúpaí faoi ghannionadaíocht: is grúpaí iad seo nach raibh rochtain chomhionann acu go traidisiúnta ar dheiseanna eacnamaíocha mar gheall ar idirdhealú nó constaicí sochaíocha eile, mar shampla cine, inscne, eitneachas, míchumas, nó stádas ioncaim ísil.

Soláthraíonn **Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas** faisnéis agus treoir do dhaoine aonair, do chuideachtaí agus do chomhlachtaí san earnáil phoiblí maidir le dlíthe agus saincheisteanna um chearta an duine.

Ionchuimsitheach

Aidhm:
Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht shóisialta a mhéadú agus athrú sóisialta dearfach a spreagadh.

- **Láthair oibre ionchuimsitheach:** cruthaigh cultúr sa láthair oibre ina bhfuil meas agus comhionannas a thugann fiúntas do dhaoine aonair agus a chuimsíonn cumas gach duine.
- **Cláir chuimsitheacha:** tabhair clúdach agus fócas níos mó ar shaincheisteanna sochaíocha a chuireann athrú sóisialta dearfach chun cinn.
- **Rochtain ionchuimsitheach shábháilte:** déan cinnte go bhfuil ábhar inrochtana, go ndéanfar leanaí a chosaint agus príobháideacht daoine a chosaint.

Cuspóir:
Earnáil craolacháin ionchuimsitheach a dhéanann an éagsúlacht agus an comhionannas a cheiliúradh agus a chur chun cinn ina hionaid oibre agus trína cláracha.

Na SFInna Tosaíochta
don Earnáil Craolacháin

Láthair Oibre Ionchuimsitheach

Cruthaigh cultúr sa láthair oibre ina bhfuil meas agus comhionannas a chuireann fiúntas le daoine aonair agus a chuimsíonn cumas gach duine.



- Oibleagáidí bunúsacha dlí a chomhlíonadh maidir le cearta an duine agus cearta saothair
- Faigh tiomantas ón lucht bainistíochta chun bearta a dhéanamh chun a bheith ionchuimsitheach
- Scríobh agus roinn do bheartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta
- Scríobh síos na gníomhartha atá á nglacadh agat cheana féin le bheith ionchuimsitheach



- Curadh éagsúlachta agus uilechuimsitheachta a ainmniú / a cheapadh chun tionscnaimh a chomhordú, agus Coiste Stiúrtha chun maoirseacht a dhéanamh orthu
- Treoirlínte fruilithe agus cleachtais earcaíochta ionchuimsitheacha a fhorbairt agus oiliúint ar chlaonadh neamh-chomhfhiosach a sholáthar do gach bainisteoir
- Cleachtais oibre sholúbtha a bhunú
- Bunline a bhunú do thomhais dhifriúla éagsúlachta (e.g. inscne, eitneachas, aois, míchumas) agus spriocanna a leagan síos chun an éagsúlacht a fheabhsú
- Cultúr ionchuimsitheach san ionad oibre a chothú (e.g. líonraí tacaíochta do mhná)
- Bí páirteach i dtionscnaimh thionscail a chuireann an éagsúlacht agus an ionchuimsitheacht chun cinn san earnáil craolacháin

- Tiomantas a thabhairt do chothromaíocht inscne ar do Bhord agus ar d'fhoireann bhainistíochta
- Déan iniúchadh ar bhearna pá inscne agus déan bearta chun aon bhearnaí a aitheofar a dhúnadh
- Spriocanna éagsúlachta a fhoilsiú agus bearta a dhéanamh / tionscnaimh a chruthú chun an éagsúlacht a mhéadú (e.g. tionscnamh um na mná i gceannaireacht; clár meantóireachta)
- Cuir tús le cláir / comhpháirtíochtaí chun an phíblíne thallainne a thógáil ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht (e.g. scoláireacht, clár intéirneachta)

Faisnéis agus Inspioráid

- ➔ Women in Film and Industry
- ➔ An Brainse Éireannach de The 30% Club
- ➔ Plean Gníomhaíochta Inscne BAI

Cláir Ionchuimsitheacha

Tuairisciú agus fócas níos mó a dhéanamh ar shaincheisteanna sochaíocha a chuireann athrú sóisialta dearfach chun cinn.



- Baill foirne lárnacha eagarthóireachta agus scríbhneoireachta a thabhairt le chéile chun an cur chuige reatha i leith na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta a phlé agus a dtiomantas i leith feabhsúcháin 'bua gasta' agus fadtéarmacha a fháil
- Cuardaigh deiseanna chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna éagothroime sóisialta agus déan scéalta iomchuí a insint mar chuid de do chláir
- Tacú le feachtais náisiúnta agus cuidiú leo chun an ionchuimsitheacht a chur chun cinn



- Tiomantas a thabhairt neamhionannas sóisialta agus éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a bheith ina dtéamaí rialta i do chuid clár / ábhair / tuairisciú nuachta
- Bunlíne a bhunú le haghaidh éagsúlacht ar an scáileán / aer agus líon na n-uaireanta an chloig de chláir ar shaincheisteanna éagothroime sóisialta agus spriocanna a leagan síos chun feabhas a chur
- Beartais agus cleachtais a bhunú chun éagsúlacht ar an scáileán / aer a chur chun cinn (i measc láithreoirí / aisteoirí / tráchtairí)
- Oiliúint éagsúlachta agus ionchuimsitheachta a sholáthar don fhoireann choimisiúnaithe, scríbhneoireachta, léiriúcháin, chruthaitheach
- Ábhar a choimisiúnú go gníomhach a leagann béim ar na dúshláin agus a thaispeánann réitigh ar neamhionannas sóisialta
- Déan iarratas ar mhaoiniú i gcomhair 'téamaí domhanda' faoin gciste Fuaim agus Fís BAI

- Cuir an neamhionannas sóisialta mar théama tosaíochta i do chláir agus bí mar fhoinse iontaofa faisnéise don lucht féachana agus éisteachta. Brúigh teorainneacha chun cinn le d'ábhar agus múnlaigh an dioscúrsa poiblí agus beartais
- Oiliúint ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsitheacht a sholáthar don fhoireann uile agus foirne éagsúla scríbhneoireachta a chruthú
- Feachtais phoiblí a chur chun tosaigh chun aire a dhíriú ar neamhionannas sóisialta agus athrú dearfach a chur chun cinn

Faisnéis agus Inspioráid

- ➔ An Creative Diversity Network
- ➔ Tionscnaimh éagsúlachta PACT
- ➔ Samplaí de threoirlínte éagsúlachta ag craoltóirí RA

Rochtain ionchuimsitheach Shábháilte

A chinntiú go bhfuil ábhar inrochtana, go ndéanfar leanaí a chosaint, agus go gcosnófar príobháideacht daoine.

Cruthú

- Oibleagáidí bunúsacha dlí a chomhlíonadh maidir le sábháilteacht / inrochtaineacht ábhair agus cosaint sonraí
- Beartas a bhunú chun leanaí a chosaint
- Tosú ar ábhar a dhéanamh inrochtana trí fhotheidil, comharthaíocht srl.

Tógáil

- Beartas láidir príobháideachta agus cosanta a bhunú a chomhlíonfaidh RGCS
- Beartais chibearshlándála / cód iompair a bhunú i gcomhair ábhar digiteach
- Méadú a dhéanamh ar an méid clár agus ábhair inrochtana atá ar fáil don lucht féachana agus éisteachta
- Treoir shoiléir a fhoilsiú do thuismitheoirí ar rialúcháin tuismitheoirí
- Glac páirt i bhfeachtais Litearthacht sna Meáin, Éire / Be Media Smart

Ceannró -daíocht

- Bearta ardfhorbartha a chur i ngníomh chun sonraí pearsanta a chosaint trí chosaintí teicniúla agus bearta cuí eile
- A chinntiú go bhfuil cion ard de na cláir inrochtana

Faisnéis agus Inspioráid

- ➔ Litearthacht sna Meáin, Éire / Be Media Smart
- ➔ The Responsible Media Forum
- ➔ Uirlis sábháilteachta ar líne do theaghlaigh ag Virgin Media

Tionchar a Thomhas

Seo thíos roinnt samplaí de PTFanna sóisialta is féidir leat a úsáid chun do dhul chun cinn a thomhas agus a rianú.

Fostaithe

- Staitisticí éagsúlachta (aois, inscne, claonadh gnéasach)
- % de na mná i róil bhainistíochta
- An líon daoine atá oilte in éagsúlacht agus in ionchuimsitheacht / i gclaontacht neamh-chomhfhiosach

Cearta daonna

- % den lucht saothair atá mar chuid de cheardchumann
- Líon na dteagmhas idirdhealaithe a tuairiscíodh agus na bearta a rinneadh

Príomh SDGS agus Spriocanna

SDGs - 4, 5, 10, 16, 17
Targets – 4.3, 4.4, 4.7, 5.1, 5.5, 10.2, 10.3, 10.4, 16.6, 16.7, 16.10, 17.16, 17.17

Ar an Scáileán /an Aer

- % de na mná ar an scáileán / aer
- % de dhaoine faoi mhíchumas ar an scáileán / aer
- % de dhaoine LGBTQ + ar an scáileán / aer
- % de dhaoine os cionn 50 bliain d'aois i róil cur i láthair

Cláir agus Eagarthóireacht

- Líon uaireanta an chloig de chláir ar shaincheisteanna éagsúlachta agus iomchuimsitheachta
- % de na cláir atá inrochtana

Athléimneach

Iarrtar i gcolún eacnamaíoch, nó 'athléimneach' an treochláir ar chraoltóirí bearta a dhéanamh chun inmharthanacht agus rathúnas fadtéarmach a n-eagraíochtaí, a n-earnála agus a bpobal a chinntiú.

Tá earnáil craolacháin na hÉireann agus a slabhra soláthair comhdhéanta de raon éagsúil d'eagraíochtaí, idir bheag agus mhór, idir eagraíochtaí pobail agus tráchtála, náisiúnta agus áitiúla agus réigiúnacha. Beag beann ar mhéid, suíomh nó samhail ghnó, cuireann gach craoltóir go mór leis an bhforbairt inbhuanaithe trí phoist a chruthú agus trí chomhtháthú pobail a chothú.

Ina theannta sin, tá freagracht ar an earnáil a bheith eiticiúil agus trédhearcach ina cuid cleachtas. Baineann sé seo le raon leathan saincheisteanna, idir an pá maireachtála a íoc, agus dul i ngleic le 'nuacht bhréige', agus cosaint sonraí a chinntiú. Tá an pobal, rialtóirí agus an Rialtas ag déanamh grinnscrúdú níos mó ar na saincheisteanna seo go léir, agus tá sé ríthábhachtach go nglacfaidh an earnáil bearta cuí chun a cáil a chosaint agus a todhchaí a chaomhnú.

Sainmhínithe agus comharthaíocht

Pá maireachtála: is pá é pá maireachtála a fhágann gur féidir le duine íoschaighdeán maireachtála inghlactha a bheith aige. Tá sé níos airde ná an t-íosphá. Ba cheart go mbeadh fostaithe a thuilleann pá maireachtála in acmhainn rudaí bunúsacha mar bhia, éadaí, tithíocht agus cúram leighis a cheannach.

Cosaint sonraí: baineann sé seo le faisnéis thábhachtach a chosaint ar éilliú, ar thruailliú nó ar chaillteanas. Tá sé ag éirí níos tábhachtaí de réir mar a leanann an méid faisnéise a chruthaítear agus a stóráiltear ag fás de réir rátaí nach bhfacthas riamh cheana. Leagtar amach sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) na bearta nach mór do gach tír AE agus gach eagraíocht AE-bhunaithe a bhfuil baint acu le próiseáil sonraí a leanúint. Soláthraíonn an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh forbhreathnú úsáideach anseo.

Leagann beartas **cosanta sonraí BAI** amach a thiomantas chun cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint i gcomhlíonadh RGCS agus reachtaíocht um chosaint sonraí na hÉireann.

Athléimneach

Aidhm:
Oibriú le chéile chun earnáil craolacháin athléimneach a thógáil a thacaíonn le fás socheacnamaíoch inbhuanaithe.

- **Lucht saothair athléimneach:** obair mhaith a chinntiú do chách agus infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus in acmhainn chun ár dtionscal a fhás agus a scálú don todhchaí.
- **Earnáil athléimneach:** inmharthanacht fhadtéarmach na hearnála a chosaint trí chleachtais eiticiúla agus trédhearcacht.
- **Pobail athléimneacha:** Cumhacht a thabhairt do phobail áitiúla trí phoist áitiúla, soláthar áitiúil agus infheistíocht sa phobal.

Cuspóir:
Earnáil craolacháin rathúil a chothaíonn scileanna agus slite beatha, a thacaíonn le pobail áitiúla agus a bhfuil cáil láidir uirthi agus atá tógtha ar thrédhearcacht agus ar mhuinín.

Na SFInna Tosaíochta
don Earnáil Craolacháin

Lucht Saothair Athléimneach

Obair mhaith a chinntiú do chách agus infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus i bhforbairt cumais chun ár dtionscal a fhás agus a scálú don todhchaí.



- Oibleagáidí bunúsacha dlí maidir le pá agus dálaí oibre a chomhlíonadh
- Tiomantas a thabhairt do chearta daonna gach fostaí a urramú agus dálaí oibre atá cóir agus cuibhiúil a sholáthar
- Scríobh agus roinn do bheartas Sláinte, Sábháilteachta agus Folláine
- Oiliúint a sholáthar don fhoireann uile ar chleachtais agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta



- Clár folláine d'fhostaithe a fhorbairt chun cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil, agus sláinte choirp agus mheabhrach dhearfach a chur chun cinn
- Tabhair cuireadh go rialta d'fhostaithe a dtuairimí agus aiseolas a thabhairt
- Deiseanna a sholáthar le haghaidh oiliúna agus forbairt ghairmiúil
- Beartas maidir le sceithireacht / gearáin a fhorbairt agus meicníocht tuairiscithe faoi rún a fhorbairt d'fhostaithe

- Beartas um chearta an duine a bhunú, déan dícheall cuí um chearta daonna a chur i ngníomh go hinmheánach agus ar fud do shlabhra soláthair
- Pá maireachtála a íoc le fostaithe
- Cláir phrintíseachta agus shocrúcháin a fhorbairt chun daoine óga agus daoine atá dífhostaithe le fada a spreagadh chun briseadh isteach san earnáil craolacháin

Faisnéis agus Inspioráid

- ➔ Treoir um meabhairshláinte agus folláine le Seechange
- ➔ Tionscnamh Sky Academy Studios
- ➔ An KeepWell Mark ag IBEC

Earnáil Athléimneach

Inmharthanacht fhadtéarmach na hearnála a chosaint trí chleachtais eiticiúla agus trédhearcacht.



- Oibleagáidí bunúsacha dlí maidir le heitic agus trédhearcacht a chomhlíonadh
- Scríobh agus roinn do Chód Iompair eiticiúil



- Prionsabail agus beartais shoiléire a bhunú maidir le faisnéis / saline eagarthóireachta, nuacht bhréige srl.
- Cód Maoine Intleachtúla agus Cóipchirt a bhunú chun cóipcheart ábhair a chaomhnú agus a chosaint
- Tacú le dámhachtainí agus páirt a ghlacadh i ndámhachtainí a aithníonn dea-chleachtais eiticiúla agus inbhuanaitheachta

- Cleachtais a chur i ngníomh chun trédhearcacht airgeadais agus cánach a chinntiú
- Dul i mbun comhcheannaigh i gcomhair seirbhísí mar árachas agus dlí

Faisnéis agus Inspioráid

- ➔ The Trust Project
- ➔ Suíomh Gréasáin seiceála fíricí 'Leadstories'
- ➔ Sampla de Chód Iompair: Liberty Global

Pobail Athléimneacha

Cumhacht a thabhairt do phobail áitiúla trí phoist áitiúla, soláthar áitiúil agus infheistíocht sa phobal.



- Tiomantas rud a thabhairt ar ais don phobal áitiúil (e.g. obair dheonach nó síntiúis)
- Fostaithe a earcú go gníomhach ón bpobal áitiúil



- Beartas soláthair fabhrach agus cleachtais fhabhracha a bhunú do sholáthraithe áitiúla
- Clár infheistíochta pobail / freagrachta sóisialta corparáidí a fhorbairt atá ailínithe go straitéiseach le cuspóir d'eagraíochta
- Mar chuid den chlár seo, cruthaigh comhpháirtíochtaí straitéiseacha le grúpaí pobail áitiúla nó le carthanais agus bunaigh scéim oibre deonaí d'fhostaithe
- A chinntiú go bhfuil rochtain chomhionann ag gach pobal - mór agus beag, tuaithe agus uirbeach - ar ábhar agus ar chláir

- Úsáid an teilifís agus an raidió mar shlí chun pobail a thabhairt le chéile agus comhtháthú an phobail a chothú
- Cláir, comhpháirtíochtaí, feachtais a thionscnamh agus ábhar a sholáthar a thugann cumhacht don lucht féachana agus éisteachta pobail níos athléimní a chruthú

Faisnéis agus Inspioráid

- ➔ An Ciste Nuálaíochta Sóisialta
- ➔ Sustainable Energy Communities de chuid SEAI
- ➔ Change X: lena gcumhachtaítear agus lena nasctar pobail

Tionchar a Thomhas

Seo thíos roinnt samplaí de PTFanna eacnamaíocha is féidir leat a úsáid chun do dhul chun cinn a thomhas agus a rianú.

Poist

- an líon daoine atá ar fostú
- an líon post nua a cruthaíodh i mbliana
- % de chaiteachas soláthair dírithe ar sholáthraithe áitiúla

Scileanna agus oiliúint

- € a infheistíodh in oiliúint agus i bhforbairt scileanna
- an líon printíseachtaí íoctha nó intéirneachtaí

Príomh SDGS agus Spriocanna

SDGs - 3, 8, 11, 16, 17
Targets - 3.4, 3.5, 8.2, 8.4, 8.8, 11.4, 11.6, 16.3, 16.7, 16.10, 17.16, 17.17

Infheistíocht sa phobal

- € bronnta ar charthanais nó a infheistíodh i dtacaíocht do thionscnaimh pobal áitiúil
- líon na n-uaireanta deonacha foirne sa phobal áitiúil

Rialachas agus Tuairisciú

A chinntiú go bhfuil struchtúir agus cleachtais chuí agus trédhearcacha ar bun chun a chur ar chumas páirtithe leasmhara an eagraíocht a choinneáil cuntasach ar a feidhmíocht inbhuanaitheachta.



Rialachas

- Ball den lucht bainistíochta sinsearaí a ainmniú chun an inbhuanaitheacht a chur chun cinn laistigh den eagraíocht

Tuairisciú

- Cuspóirí cáilíochtúla comhaontaithe go hinmheánach ach gan aon spriocanna cainníochtúla
- Tuairisciú inmheánach os coinne cuspóirí
- Gan tuairisciú seachtrach



Rialachas

- Coiste Stiúrtha Inbhuanaitheachta Ilréimsiúil a bunú chun maoirseacht a dhéanamh ar an gclár inbhuanaitheachta

Tuairisciú

- Spriocanna cainníochtúla a leagan síos do roinnt réimsí agus a chur in iúl go seachtrach
- Tuarascáil bhunúsach inbhuanaitheachta a fhoilsiú go seachtrach
- Comhoibriú le meicníochtaí agus gníomhaíochtaí tuairiscithe an Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin

Rialachas

- Comhalta boird ceaptha mar churadh inbhuanaitheachta
- Oiliúint inbhuanaitheachta do gach ball den Bhord
- Smaoinigh ar bheith i do shínitheoir le Comhshocrú Meán SFI NA agus / nó leis an gComhshocrú Domhanda

Tuairisciú

- Spriocanna cainníochtúla, uaillmhianacha a leagan síos do gach colún inbhuanaitheachta agus iad a chur in iúl go seachtrach
- Tuarascáil chuimsitheach inbhuanaitheachta a fhoilsiú trí chaighdeán aitheanta (e.g. GRI) a úsáid

Faisnéis agus Inspioráid

- ➔ Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe
- ➔ Treoirlínte tuairiscithe um Chaighdeáin GRI
- ➔ Inniúlacht Inbhuanaitheachta ar Bhoird

REAL
LIFE

Alt 4

Rathúnas a Chur in Iúl

Comhroinn do scéal

Mar chraoltóir tá taithí agat ar scéalta daoine eile a insint. Acht tá sé tábhachtach leis do scéal féin a insint agus an méid atá á dhéanamh agat ar an inbhuanaitheacht a chomhroinnt.

Ní gá duit fanacht go mbeidh gach rud curtha ar bun agat. Déan na héachtaí beaga a chomhroinnt agus a cheiliúradh chomh maith leis na cinn mhóra. Is cuma má tá tú ag tús do thurais inbhuanaitheachta nó níos faide síos an bóthar. Agus ní gá go mbainfeadh an scéal le sonraí agus uimhreacha - tá scéalta daonna chomh cumhachtach céanna. Pé ar domhan é, spreagfar duine éigin eile a chloisfidh do scéal chun tosú amach.

Féadfaidh tú do scéal a insint go neamhfhoirmiúil ar do shuíomh Gréasáin agus ar bhealaí meán sóisialta, nó go foirmiúil trí thuarascáil inbhuanaitheachta nó laistigh de do thuarascáil bhliantúil. Is cuma cén tslí nó cá háit a ndéanfaidh tú é sin - is é an rud tábhachtach é a chomhroinnt.

Tá an earnáil craolacháin ar cheann de na chéad earnálacha in Éirinn a bhfuil treochlár inbhuanaitheachta ar fud na hearnála aici. Amach anseo, beidh an deis ann don earnáil tuairisciú a dhéanamh go comhpháirteach ar an tionchar dearfach atá aici ar thodhchaí níos glaise, níos ionchuimsithí agus níos athléimní a chruthú do chách.



Aguisín

Spriocanna SFInna

SFInna agus Spriocanna Tosaíochta

Tá tacar spriocanna ag gabháil le gach ceann de 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Tá 169 sprioc san iomlán ar fud na 17 gcuspóir. Mar a chonaiceamar thuas, tá 10 gcinn de na 17 SFI iomchuí go háirithe maidir leis an Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin. Sna chéad leathanaigh eile, tá cuid de na spriocanna is mó is iomchuí a bhaineann leis na SFInna áirithe seo mionsonraithe.

Ní oibreoidh gach ball den Líonra i dtreo na spriocanna go léir agus beidh cuid acu níos iomchuí ná a chéile ag brath ar an mball den Líonra. Is féidir roinnt de na spriocanna a bhaint amach trí chaidreamh na mball lena bhfoireann nó lena saorálaithe agus beidh spriocanna eile iomchuí i dtéarmaí a soláthraithe. Ina theannta sin, féadfaidh baill an Líonra tacú le baint amach na gcuspóirí sin trína gcláracha, lena n-áirítear trí dhrámaíocht, ábhar fíorasach agus nuacht agus cúrsaí reatha chomh maith le trí chláir fhreagracha a bhainfear amach trí chloí le cóid, rialacha agus an cleachtas iriseoireachta is fearr.

Na SFInna Tosaíochta

don Earnáil Craolacháin

Eolas agus Inspioráid

➔ Bhunaigh na Náisiúin Aontaithe Comhshocrú Meán SFI, a fhéachann le heagraíochtaí meán ar fud an domhain a spreagadh chun a gcuid acmhainní agus buanna cruthaitheacha a ghiaráil chun na SFInna a chur chun cinn.

SFInna agus Spriocanna Tosaíochta

SFI 3 - Dea-shláinte agus Folláine

- **Sprioc 3.4:** Faoi 2030, laghdú de thrian a dhéanamh ar bhásmhaireacht roimh am ó ghalair neamhtheagmhálacha trí chosc agus chóireáil agus trí shláinte mheabhrach agus folláine a chur chun cinn.
- **Sprioc 3.5:** Cosc agus cóireáil ar mhí-úsáid substaintí a neartú, lena n-áirítear mí-úsáid drugaí támhshuanacha agus úsáid dhochrach alcóil.

SFI 4 - Oideachas Ardchaighdeáin

- **Sprioc 4.3:** Faoi 2030, rochtain chomhionann a chinntiú do gach bean agus fear ar oideachas teicniúil, gairmoideachais agus oideachas trí leibhéal inacmhainne agus ardchaighdeáin, lena n-áirítear oideachas ollscoile.
- **Sprioc 4.4:** Faoi 2030, líon na ndaoine óga agus na ndaoine fásta a bhfuil scileanna iomchuí acu, lena n-áirítear scileanna teicniúla agus gairme, i gcomhair fostaíochta, postanna maithe agus fiontraíochta a mhéadú go suntasach.
- **Sprioc 4.7:** Faoi 2030, déan cinnte go bhfaighidh gach foghlaimeoir an t-eolas agus na scileanna is gá chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear, i measc nithe eile, trí oideachas i gcomhair forbairt inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta an duine, comhionannas inscne, cultúr síochána agus neamh-fhoréigin, saoránacht dhomhanda agus meas ar éagsúlacht chultúrtha agus ar rannchuidiú an chultúir le forbairt inbhuanaithe.

SFI 5 - Gender Equality

- **Sprioc 5.1:** Deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe i gcoinne na mban agus na gcailíní i ngach áit
- **Sprioc 5.5:** A chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach ag na mná agus comhdheiseanna ceannaireachta ag gach leibhéal cinnteoireachta sa saol polaitiúil, eacnamaíoch agus poiblí

SFI 8 - Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch

- **Sprioc 8.2:** Leibhéil níos airde táirgiúlachta eacnamaíche a bhaint amach trí éagsúlú, uasghrádú teicneolaíochta agus nuálaíocht, lena n-áirítear trí fhócas ar earnálacha ard-bhreisluacha agus dlúthshaothair.
- **Sprioc 8.4:** Feabhas a chur de réir a chéile, go dtí 2030, ar éifeachtúlacht acmhainní domhanda ó thaobh tomhaltas agus táirgeadh agus iarracht a dhéanamh ar fhás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó dhíghrádú comhshaoil, de réir chreat 10 mbliana na gclár um thomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe, agus tíortha forbartha chun tosaigh ó thaobh gnímh de.
- **Sprioc 8.8:** Cearta saothair a chosaint agus timpeallachtaí oibre slán sábháilte a chur chun cinn do gach oibrí, lena n-áirítear oibrithe is imircigh, go háirithe imircigh bhan, agus iad seo atá i bhfostaíocht neamhbhuan.

SFI 10 - Éagothroime Laghdaithe

- **Sprioc 10.2:** Faoi 2030, ionchuimsitheacht shóisialta, eacnamaíoch agus pholaitiúil gach duine a chumhachtú agus a chur chun cinn, beag beann ar aois, gnéas, míchumas, cine, eitneachas, bunadh, reiligiún nó stádas eacnamaíoch nó eile.
- **Sprioc 10.3:** Comhdheiseanna a chinntiú agus éagothroime ó thaobh toraidh a laghdú, lena n-áirítear trí dhlíthe, beartais agus cleachtais idirdhealaitheacha a dhíchur agus trí reachtaíocht, beartais agus gníomh cuí a chur chun cinn ina leith sin.
- **Sprioc 10.4:** Beartais a ghlacadh, go háirithe beartais fhioscacha, um pá agus um chosaint shóisialta, agus comhionannas níos mó a bhaint amach de réir a chéile.

SFI 11 - Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe

- **Sprioc 11.4:** Iarrachtaí a neartú chun oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha an domhain a chosaint agus a chaomhnú.
- **Sprioc 11.6:** Faoi 2030, laghdú a dhéanamh ar an drochthionchar per capita ag cathracha, lena n-áirítear trí aird faoi leith a thabhairt ar cháilíocht an aeir agus ar bhainistíocht dramhaíola chathrach agus ar bhainistíocht dramhaíola eile.

SFI 12 - Tomhailt agus Táirgeadh Stuama

- **Sprioc 12.2:** Faoi 2030, bainistíocht inbhuanaithe agus úsáid éifeachtach acmhainní nádúrtha a bhaint amach.
- **Sprioc 12.3:** Faoi 2030, dramhaíl bhia dhomhanda per capita a laghdú dá leath ag an leibhéal miondíola agus ag leibhéal an tomhaltóra agus caillteanais bhia a laghdú feadh slabhraí táirgeachta agus soláthair, lena n-áirítear caillteanais iar-fhómhair.
- **Sprioc 12.5:** Faoi 2030, giniúint dramhaíola a laghdú go suntasach trí chosc, laghdú, athchúrsáil agus athúsáid.
- **Sprioc 12.6:** Cuideachtaí a spreagadh, go háirithe cuideachtaí móra agus trasnáisiúnta, chun cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh agus faisnéis inbhuanaitheachta a chomhtháthú ina dtimthriall tuairiscithe.
- **Sprioc 12.7:** Cleachtais soláthair phoiblí atá inbhuanaithe a chur chun cinn, de réir beartais agus tosaíochtaí náisiúnta.
- **Sprioc 12.8:** Faoi 2030, déanamh cinnte go bhfuil an fhaisnéis agus an fheasacht iomchuí ag daoine i ngach áit maidir le forbairt inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála a bheidh ar aon dul leis an dúlra.

SFI 13 - Gníomhú ar son na hAeráide

- **Sprioc 13.3:** Feabhas a chur ar an oideachas, múscailt feasachta agus cumas an duine agus institiúidí maidir le maolú a dhéanamh ar an athrú aeráide, oiriúnú a dhéanamh chuige sin, laghdú a dhéanamh ar thionchair agus luathrabhadh a thabhairt.

SFI 16 - An tSíocháin, an Ceartas agus Forais Láidre

- **Sprioc 16.3:** Forlámhas an dlí a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus a chinntiú go mbeidh rochtain chomhionann ar an gceartas do chách.
- **Sprioc 16.7:** Cinnteoireacht shofhreagrach, ionchuimsitheach, rannpháirteach agus ionadaíoch a chinntiú ar gach leibhéal.
- **Sprioc 16.10:** A chinntiú go mbeidh rochtain ag an bpobal ar fhaisnéis agus saoirsí bunúsacha a chosaint, de réir na reachtaíochta náisiúnta agus na gcomhaontuithe idirnáisiúnta.

SFI 17 – Comhpháirtíocht ar son na Spriocanna

- **Sprioc 17.16:** Feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda um fhorbairt inbhuanaithe, arna comhlánú ag comhpháirtíochtaí ilpháirtithe leasmhara a shlógann agus a chomhroinneann eolas, saineolas, teicneolaíocht agus acmhainní airgeadais, chun tacú le baint amach na gcuspóirí forbartha inbhuanaithe i ngach tír, go háirithe tíortha i mbéal forbartha.
- **Sprioc 17.17:** Comhpháirtíochtaí éifeachtacha poiblí, poiblí-príobháideacha agus sochaí sibhialta a spreagadh agus a chur chun cinn, ag tógáil ar taithí agus straitéisí acmhainní na gcomhpháirtíochtaí.

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Údarás Craolacháin na hÉireann
2 - 5 Plás Warrington
Baile Átha Cliath D02 XP29

353 1 644 1200
info@bai.ie
www.bai.ie
@baitweets